STAIR . . . Lá Fhéile Pádraig

Déantar ceiliúradh ar Lá Fhéile Pádraig ar 17 Márta, agus ceiliúraítear cultúr agus oidhreacht na hÉireann, chomh maith le héarlamh na hÉireann, Naomh Pádraig. Tá stair agus traidisiún ag baint leis an lá, agus bíonn paráidí, ceol agus imeachtaí ceiliúrtha ar siúl ar fud an domhain in onóir ár n-oidhreachta.

EISIMIRCE

Cuid lárnach de stair na hÉireann is ea an eisimirce i gcónaí. D'fhág os cionn 10 milliún duine an tír ó 400 AD. An chéad sampla ná nuair a ndeachaidh manaigh go hAlbain i gcuracha. Níos déanaí, d'imigh go leor daoine eile ar mhórán cúiseanna – bochtaineacht, galair nó géarleanúint.

AN GORTA MÓR

D'fhág os cionn 1.5 milliún Éireannach an tír le linn an Ghorta Mhóir. In aineoinn a gcruacháis, theastaigh uathu saol níos fearr a leanúint agus traidisiúin na nGael a choinneáil beo. Chuir siad cultúr na hÉireann chun cinn agus bhí tionchar acu ar phobail ar fud an domhain.

NAOMH PÁDRAIG

Rugadh Naomh Pádraig sa 5ú hAois sa Bhreatain, agus d'fhuadaigh foghlaithe mara Éireannacha é. D'éalaigh sé as Éirinn, ach d'fhill sé ansin chun seanmóireacht a dhéanamh ar an gCríostaíocht. D'úsáid sé an tseamróg chun an Tríonóid Ró-Naofa a mhíniú. Tháinig cáil air agus tá sé lárnach i gcultúr na tíre.

INIMIRCE

Tá inimirce lárnach i stair na hÉireann. Thug na Ceiltigh Oíche Shamhna leo, bhunaigh na Lochlannaigh BÁC agus Loch Garman, agus tá inimircigh nua ag teacht ón Áis, ó Mheiriceá Theas agus ón Eoraip atá ag cur le cultúr agus traidisiúin na tíre i gcónaí.

LÁ FHÉILE PÁDRAIG

Déantar ceiliúradh ar Lá Fhéile Pádraig go domhanda ar 17 Márta. Tharla an chéad pharáid i gcathair Naomh Agaistín, Florida in 1601. Tharla an chéad pharáid in Éirinn in 1903; an bhliain chéanna a ndearnadh saoire phoiblí den lá. Lastar sainchomharthaí ar fud os cionn 50 tír glas istoíche.